C/2025/6435

28.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12203 — ACS / GLOBAL INFRASTRUCTURE MANAGEMENT / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6435)

1. An 18 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— ACS Actividades de Construcción y Servicios, S.A. ('ACS Group', an Spáinn),

— Global Infrastructure Management, LLC a oibríonn faoin ainm trádála Global Infrastructure Partners ('GIP', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú BlackRock, Inc. (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh ACS Group agus GIP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar chomhfhiontar.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is oibreoir agus soláthraí bonneagair domhanda é ACS Group atá gníomhach in earnálacha na tógála, na lamháltas, an chomhshaoil agus na seirbhísí tionsclaíocha. Tá ACS ionchorpraithe sa Spáinn agus liostaithe ar Stocmhalartáin na Spáinne in Bilbao, Barcelona, Maidrid agus Valencia,

— Is é Global Infrastructure Management bainisteoir ciste bonneagair neamhspleách domhanda GIP, a bhfuil a cheanncheathrú i Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus a dhíríonn go príomha ar infheistíocht a dhéanamh in earnálacha an iompair, an fhuinnimh, na dramhaíola, an uisce agus an bhonneagair dhigitigh.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar, atá bunaithe sna Stáit Aontaithe: ar an gcéad dul síos, sócmhainní áirithe a fháil agus a shealbhú ag céim na forbartha a bhaineann le bunú lárionad sonraí atá i seilbh ACS faoi láthair, agus ar an dara dul síos, lárionaid sonraí a fháil, a fhorbairt, a mhaoiniú, a thógáil, a thráchtálú, a chothabháil agus a oibriú i gCríocha Mheiriceá, san Eoraip (lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe) agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12203 — ACS / GLOBAL INFRASTRUCTURE MANAGEMENT / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË